
**5.** **Teicteonaic Phlátaí**




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann teorainn phlátaí agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an cineál teorainn phlátaí a thaispeántar thuas. ____________________

(ii) Ainmnigh an cineál pláta ag **A**. ____________________

(iii) Ainmnigh an próiseas atá ar siúl ag **B**. ____________________

(iv) Ainmnigh an chuid den mhaintlín ag **C**. ____________________

**[8m]**

**6.** **Réigiúin**

(i) Scrúdaigh an tábla thíos. Meaitseáil an cineál réigiúin leis an sampla san Eoraip is fearr a mheaitseálann é agus scríobh an litir cheart sa spás a thugtar i ngach cás.

| Litir | Cineál Réigiúin |
|---|---|
| **A** | Réigiún comhaeráide |
| **B** | Príomhchathair uirbeach |
| **C** | Réigiún geomoirfeolaíoch |
| **D** | Réigiún teanga |

| Sampla san Eoraip | Litir |
|---|---|
| Machaire Láir na hÉireann | |
| An Vallúin | |
| An Mheánmhuir | |
| Beirlín | |

(ii) Sainmhínigh go hachomair gach ceann de na cineálacha réigiún thíos:

Réigiún imeallach ____________________________________________

____________________________________________

Réigiún riaracháin ____________________________________________

____________________________________________

**[8m]**

**8. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Agus an léarscáil 1:50000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo á n-úsáid agat, scríobh an freagra ceart ar gach ceann acu seo a leanas sa spás a thugtar.

(i) Ainmnigh uiscebhealach saorga **amháin** atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

________________________________________

(ii) Cad iad na seaniarsmaí atá le fáil ag na tagairtí eangaí a leanas?

G 946 037____________________ M 906 950________________________

(iii) Ainmnigh an ghné den sil-leagan oighreach a fhaightear i gcearnóg eangaí M 94 95.

______________________________________________________________

(iv) Scrúdaigh treocht na haise fada sa ghné a ainmníodh i gcuid (iii) thuas.
Cén treo ónar tháinig an oighearchlúid?

______________________________________________________________

**[8m]**

**9. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Agus an t-aerfótagraf, an léarscáil 1:50000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo á n-úsáid agat, scríobh an freagra ceart ar gach ceann acu seo a leanas sa spás a thugtar.

(i) Cuir in iúl cé acu atá an ráiteas a leanas fíor nó bréagach agus tic á chur sa bhosca ceart agat.

Tá eaglais a bhfuil cruth croise uirthi sa tulra ar clé san aerfótagraf.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(ii) Cén treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a tógadh an t-aerfótagraf?

________________________________________

(iii) Ainmnigh an abhainn bheag lúbach sa chúlra ar clé san aerfótagraf.

________________________________________

(iv) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don phointe ina mbuaileann an abhainn a ainmníodh i gcuid (iii) thuas le hAbhainn na Sionainne.

________________________________________

**[8m]**

**11. Daonra - Éire**

**An Daonra i gCeantair na nÚdarás Réigiúnach in Éirinn, 2006-2011**

| Údarás Réigiúnach | 2006 | 2011 | An t-athrú sa Daonra 2006-2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | Daoine | Daoine | Iomlán | Céatadán |
| **An Teorainn** | 468,375 | 514,152 | 45,777 | 9.8 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,187,176 | 1,270,603 | **X** | 7.0 |
| **An Lár-Oirthear** | 475,360 | 530,437 | 55,077 | 11.6 |
| **An Réigiún Lár Tíre** | 251,664 | 282,195 | 30,531 | 12.1 |
| **An Meán-Iarthar** | 361,028 | 378,410 | 17,382 | 4.8 |
| **An tOir-Dheisceart** | 460,838 | 497,305 | 36,467 | 7.9 |
| **An tIar-Dheisceart** | 621,130 | 663,176 | 42,046 | 6.8 |
| **An tIarthar** | 414,277 | 444,991 | 30,714 | 7.4 |
| **An Stát** | 4,239,848 | 4,581,269 | 341,421 | 8.1 |

Curtha in oiriúint ó Réamhthuairisc na Príomh-Oifige Staidrimh ar Dhaonáireamh 2011

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an daonra i gceantair na n-údarás réigiúnach in Éirinn agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén t-athrú céatadánach a tháinig ar dhaonra an Stáit idir 2006 agus 2011?

________________________________________

(ii) Cén t-údarás réigiúnach ina raibh an t-athrú céatadánach ab ísle idir 2006 agus 2011?

________________________________________

(iii) Ríomh **X**, an t-athrú iomlán ar an daonra i gceantar údarás réigiúnach Bhaile Átha Cliath idir 2006 agus 2011.

________________________________________

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** gur sa Réigiún Lár Tíre a tharla an t-athrú céatadánach ba mhó idir 2006 agus 2011.

Cúis ________________________________________________________

____________________________________________________________

**[8m]**

